

CION AN ÉIGIS

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Réamhrá

Tosnód ar dtús leis an méid seo mar gheall ar Mháirtín Ó Direáin (1910-1988) a d’áitimh Frank O’Brien ina shaothar *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*:

Is féidir file de réir seanchais a ghairm do Ó Direáin sa mhéid go bhfuil filíocht scríofa aige (seachas mar atá scríofa ag na filí eile) a dhéanann trácht ar na dualgais atá ar Ghaeil dá chéile amhail mar a rinne go leor de na filí Gaeilge a chuaigh roimhe (de ghnáth níl an téama seo ceangailte aige le heachtraí stairiúla faoi leith).¹

Má tá go maith ós cionn dhá scór bliain ó shin ann ó scríobhadh an méid sin, agus má ghabhann fós cuid éigin den nginearáltacht leis mar ráiteas, is í an chuid de a nascann an Direánach le ‘go leor de na filí Gaeilge a chuaigh roimhe’ is suim liomsa anseo. Anois, ní hamhlaidh atáim á rá gur mhian leis aithris a dhéanamh orthu siúd a chuaigh roimis — fada uaidh! Thaispeáin sé an méid sin, cuirim i gcás, ina chosaint ar *Eireaball Spideoige* (1952) i gcaogaidí luatha na haoise seo caite nuair nár fhág lucht a cháinte thíos ná thuas ar Sheán Ó Ríordáin (1916-1977) é.² Go deimhin, sa réamhrá a chuir sé lena threas cnósach filíochta, *Ó Mórna agus Dánta Eile* (1957), dob í an aithris orthu siúd a chuaigh rompu an rogha éagórach ar fad, dar leis, dó féin agus dá chomhfhilí a chuir cor nua ar fad i bhfilíocht na Gaeilge ó aimsir an dara chogaidh dhomhanda ar aghaidh:

Bhí dhá rogha againne nuair a thosaíomar, leanacht orainn ag baint feidhme as friotal na nósmaireachta a raibh an súlach bainte as i bhfad sular rugadh sinn nó feidhm a bhaint as cumas nádúrtha na teangan mar b’eol dúinn féin í. B’é an dara rogha a ghlacamar. Séard adeir Eliot: *since our concern was speech, and speech impelled us to purify the dialect of the tribe*. B’é a fhearacht sin againne é.³

Ar a shon san, ó foilsíodh *Ó Mórna agus Dánta Eile* is amhlaidh atá a cheard mar fhile agus ceard an ealaíontóra trí chéile ina n-ábhar machnaimh ag Máirtín Ó Direáin, agus tuigtear dom gur cuid dhílis den machnamh san an oidhreacht fhileata atá tagtha anuas chuige, agus fós an dualgas a bhraitheann sé an oidhreacht san a iompar agus a chur chun cinn. Spreag machnamh feasach dá shórt ar an oidhreacht dar di é i dtreo fhilí é a chuaigh i mbun pinn roimis, agus tá a rian san le léamh ina chuid cumadóireachta, ach an

¹ O’Brien 1968: 207.

² Ó Direáin 1953-4a; Ó Direáin 1953-4b.

³ Ó Direáin 1957: [iii]-[iv]. Lean sé den bport céanna i léacht ar an nuafhilíocht a thug sé don gCumann Liteartha sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath (Ó Direáin 1961a: 23-4).

chumadóireacht san a bheith snoite agus múnlaíthe ar shlí fé leith Dhireánúil. Níl sé eisceachtúil sa méid sin, gan dabht, nuair a chuimhnímid ar scríbhneoirí comhaimseartha eile Gaeilge: leithéidí Mháire Mhac an tSaoi ina saothar is déanaí, *Scéal Ghearóid Iarla* (2011), mar shampla, mar a n-éiríonn léi saol Threas Iarla Dheasmhumhan (1338-1398) a chruthú go hálainn ón mbailiúchán de thríocha dán dá chuid a dtugtar ‘Duanaire Ghearóid Iarla’ coitianta air;⁴ nó Alan Titley a raibh a úrscéal *An Fear Dána* (1993) fé chomaoín ag duine de chéadfhilí na tréimhse Clasaicí, Muireadhach Albanach Ó Dálaigh (fl. 1220), agus ag a chuid filíochta; nó fós, Michael Hartnett (1941-1999) a raibh anáil shaothar Dháibhí Uí Bhruadair (ob. 1698) ón tseachtú haois déag go láidir air. (Go deimhin, tá a chomhartha san fiú i dteideal chéad bhailiúchán dánta Gaeilge Hartnett, *Adharca Broic* (1978), teideal atá bunaithe, ní foláir, ar an nath cainte ‘gan adharca broic’, i.e. rud imigéiniúil, nach ann do, i ndán Uí Bhruadair ‘Guagán Gliog’.)⁵

Ag triall do na scríbhneoirí seo ar fad ar thobar na Gaeilge, tá saibhreas téamúil le tarrac as acu, gan amhras, ach tá, leis, an saibhreas teangan (idir stíl agus fhoclóir) a chuireann ar a gcumas a dteanga féin a líomhadh agus a shaoirsiú. Agus, cé gur dhóigh le duine nár ghá don Direánach aon easpa siúrála a bheith air mar gheall ar a chuid féin Gaeilge agus gan a malairt le clos aige ón lá a rugadh é i Sruthán Inis Móir go ceann seacht mbliana déag ina dhiaidh sin,⁶ níor leor, dar leis, chun filíochta an méid sin. Is mar seo a chuir sé é sa réamhrá a ghabhann le *Ó Mórna agus Dánta Eile*:

An dóigh liom, dá bhrí sin, gur leor do fhile an chaint a chuala sé le linn a óige chun gach smaoinemh a scáilíonn a aigne ina dhiaidh sin a chur i bhfilíocht? Ní dóigh. Caithfidh sé tuilleadh mór a bheith ina teannta aige, ach is ina teannta é. Is fearrde é ise a bheith mar bhonn aige. Is dualgas don bhfile focla a chur ag rince ós ár gcomhair. Tá focla go leor a bhfuil meirg is deannach an díomhaointis orthu nár cuireadh as na cúinní fós, agus níor mhiste a gcur ionas go mba lóchrainn aitis inár bhfianaise iad. Tá rún agamsa roinnt acu a chur as na cúinní ach Dia tuilleadh saoil agus cumais a thabhairt dom chuige.⁷

Mar a chéile é seo, dar ndóigh, agus an gheit úd a bhaint as an teanga a bhí i gceist ag an Ríordánach sa réamhrá a bhí curtha aige le *Eireaball Spideoige*. Níorbh fhéidir don té ná raibh ‘laistigh den teanga’⁸ an lóchrann chéanna aitis a fheiscint, ní áirim breith uirthi. Chun a bheith feistithe chuige sin agus chun a bheith i bhfearas chun teacht ar na ‘cúinní’ sin thuas, luigh Ó Direáin amach ar fhoclóir an Duinnínigh, ag gabháil go mall meáite tré gach iontráil sa bhfoinse sin.⁹ A bheith ar thóir focal an gnó ba mhó a d’aithin an Direánach in Seán Ó Ríordáin, leis, agus, fé mar a chuir sé féin é, ‘cé a déarfadh nach bhfuil baint ag an ngnó céanna sin le filíocht?’¹⁰ Go deimhin, d’áitimh an Direánach in

⁴ Feic, leis, Máire Mhac an tSaoi 1990.

⁵ Mac Erlean 1910: 77, n. 8, ach gur ‘horns of a badger’ an t-aistriúchán liteartha le ceart; cf. Ní Ghairbhí 2006: 64.

⁶ Cf. Ó Direáin 1957: [iv].

⁷ Ó Direáin 1957: [iv]-[v].

⁸ Ó Ríordáin 1952: 24.

⁹ Mac Conghail 1988: 181; Mac Craith 1993a: 16; Ó hAnluain 1993: 62; Mac Síomóin 2010: 16.

¹⁰ Ó Direáin 1977: 6.

agallamh le hEoghan Ó hAnluain ón mbliain 1971 nárbh ann don bhfile a bheadh ag saothrú *in vacuo*, beag beann ar thraidisiún filíochta teangan:

Chomh fada agus bhaineas le huirlisí a cheirde ag ionramháil a ábhair dó, níl file ar bith ag obair as féin: dáiríre tá scáthanna na bhfilí a chuaigh roimhe agus a shaothraigh sa teanga chéanna mar bheidís ag gliúcaíocht thar a ghualainn. Sa mhéid sin, d'fhéadfá a rá nach bhfuil cead a chinn go hiomlán aige. Níl sé ag obair i ngan fhios do thraidisiún filíochta teanga ná ar neamhc[h]ead dó. Tá, dá bhrí sin, anáil ag filíocht thraidisiúnta na Gaeilge ormsa.¹¹

B'fhéidir nach í an chloch théamúil is mó ar phaidrín a chuid filíochta í, ach tá fianaise áirithe sna dánta aige gur thug dála a chomhbhráithre éigis roimis misneach don Direánach leanúint dá cheard mar fhile. Dúirt sé amhlaidh beagán blianta sarar cailleadh é, á rá gur chabhraigh a chuid eolais ar 'stair na litríochta' leis mar gur thuig sé 'go raibh sé nádúrtha go dtarlódh a leithéid d'fhile ar bith agus go gcaithfeadh sé cur suas leis'.¹² B'fhéidir, leis, gurb é sin is cúis leis an gcrann nó leis na cranna a bheith ar cheann de na samhailtí is mó úsáid aige.¹³ Díol suime is ea a raibh le rá ag an bhfear féin agus é ag caint le mic léinn sa Choláise Ollscoile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1969 mar gheall ar a dhán 'Bí i do Chrann' ón díolaim *Cloch Choirnéil* (1966):

Ach an dán seo, caithfidh sé go raibh mé ag smaoineamh air i gan fhios dom féin, ach go hobann a tháinig sé orm agus thosaigh mé á scríobh. Bhuel, abair anois, más mian leat, agus d'fhéadfainn féin é a rá, agus b'fhéidir gur dhúras, gurb é an chiall atá leis seo, tá sé sin ann sa dán féin, ní féidir é a shéanadh, go bhfuil mé ag iarraidh ar an duine, ar an bhfile sa gcás seo, a bheith chomh dílis dá cheird agus atá an crann. Mar is iomaí samhail de c[h]uid an crann agam roimhe seo. Agus samhail amháin, go bhfuil an crann, go bhfuil sé láidir, go bhfuil sé seasta, go bhfuil sé daingean. ... Is é sin go dtabharfadh sé faoiseamh agus cabhair do dhaoine.¹⁴

Is air féin atá an t-áiteamh dírithe anseo, leis, dar ndóigh, agus dáiriribh bhí sé tar éis séala fileata a leagadh ar an áiteamh céanna deich éigin mbliana roimis sin ina dhán 'Cranna Foirtíl' as *Ó Mórna agus Dánta Eile*: 'Luigh ar do chranna foirtíl / I gcoinne mallmhuir is díthrá, / Coigil aithinne d'aislinge, / Scaradh léi is éag duit'.¹⁵ Pé acu an cranna daingne nó seasta aige iad seo, cranna cosanta, cranna faoisimh nó cranna cabhrach, braithim ar dhiongbháiltacht na línte seo féin go bhfuil sé á thabhairt le fios gur cuid dhílis dá bheatha agus dá cheard in éineacht iad. Go deimhin, 'fiú má ba chranna caillte chomh maith iad, nó má bheidís "chomh fuar leis an spéir" [sa dán 'Fuaire' ón díolaim *Ár Ré Dhearóil* (1962)] uair eile', fé mar a chuir Seán Ó Coileáin é, 'ní raibh de chothú ar deireadh aige ach iad, dá mb'é cothú na hainnise féin é'.¹⁶

¹¹ Ó Direáin 1971: 9.

¹² Ó Direáin 1982: 22, cuid d'agallamh le Michael Davitt.

¹³ Mar le solaoidei ón bhfilíocht chomh maith leis an éagsúlacht úsáide a bhaineann leis an tsamhailt féin inti, feic O'Brien 1968: 226-37.

¹⁴ Ó hAnluain 2002: 106.

¹⁵ MÓD: 108.

¹⁶ Ó Coileáin 2010: 32; cf. MÓD: 152.

An cion agus ar chuaigh roimis

Cuimsíonn ‘cion an éigis’ i dteideal na haiste seo cuid mhaith dá bhfuil i gceist thuas agam. Tá cion nó seára na bhfilí go dtí seo i saothar an Direánaigh, a bhfuair sé uathu agus a mhéid a chuadar i bhfeidhm ar a chuid ceapadóireachta. Tá, leis, an cion eile a thug an Direánach do na filí a chuaigh roimis agus dá saothar, agus an meas a bhí aige orthu dá réir, agus fós an cion agus an meas is ceart a bheith, dar leis, ar an bhfile agus ar ealaín na filíochta. Léimse na heilimintí seo ar fad sa dán ‘Ualach’, mar shampla, a d’fhoilsigh Máirtín Ó Direáin sa chnósach *Crainn is Cairde* (1970): ‘Ní chuirfí poll ar a onóir / Dá mairfeadh cion ar an mbriathar, / Ach ó chuaigh an briathar ó chion / Is minic ise ina criathar’.¹⁷ Aithnítear sna línte seo fuarchúis fhorleathan i leith an fhile Ghaeilge agus i leith a cheirde, rud a bhaineann óna mhuinín sa cheard féin ach a laghdaíonn, leis, ar a mhisneach leanúint de bheith á cleachtadh, agus, a fhágann dá réir, a onóir tollta ar chuma criathair. Cuimhníonn an Direánach sa dán céanna, áfach, gur go tollta a fágadh mórfhile Gaeilge an ochtú céad déag, Aogán Ó Rathaille (c. 1670-1729), nuair a bhí an saol agus an pobal mórthimpeall air siúd ag athrú ó bhonn agus ról ceannasach an fhile Ghaeilge ag dul ó chion go mór dá réir: ‘Cabhair dá ngoirfeadh Aogán / Níor ghairide dó an ní; / Creidim nár ghairide fós / Dá ndéanfaidh inniu a ghuí’.¹⁸ Is í an ghuí ar a bhfuil an Direánach ag cuimhneamh anseo, dar ndóigh, ná ar bhreac Aogán Ó Rathaille amach go trombhríoch ina dhán féin dar tús:

Cabhair ní ghairfeadh go gcuirthear me i gcrúinnchomhráinn,
dar an leabhar, dá ngairfinn níor ghairide an ní dhomhsa;
ár gcodhnach uile, glac-chumasach shíl Eoghain,
is tollta a chuisle agus d’imigh a bhrí ar feochadh.¹⁹

Caoineann an Rathailleach sa dán seo turnamh na gCárthach sa Mhumhain, ‘ár gcodhnach uile, glac-chumasach shíl Eoghain’, agus caoineann sé fós an tubaist a leanfaidh é sin don tír trí chéile; ach, is cás leis chomh maith an creachadh a dhéanfaidh sé air féin agus ar a ról mar fhile Gaeilge.

Ag cuimhneamh dó ar Aogán Ó Rathaille sa dán ‘Ualach’, mar sin, tá an Direánach ag luí anseo ar chranna foirtíl na hoidhreacht saibhre céanna as ar fáisceadh iad beirt, agus cuireann sé sin misneach air, i gcead d’aon phatuaire fhorleathan, seilbh a ghlacadh le móráil agus le dóchas, le grá agus le meas, ar an oidhreacht dar di iad araon:

Ní ualach go hualach uabhair,
Ní uabhar go huabhar file
A fhásann as móiréis na dáimhe:
An fhaid atá tógáil a phinn ina láimh
Tá tógáil a chinn ann,

¹⁷ MÓD: 201.

¹⁸ MÓD: 201.

¹⁹ Ó Buachalla 2007: 43.

Is bráithre ina dháil
Ag sníomh le briathra'.²⁰

Tá Aogán Ó Rathaille ar dhuine de na bráithre seo a lean den 'sníomh' san na mbriathra. Agus, más go tromchroíoch féin a d'admhaigh sé i gceangal a dháin 'Cabhair ní ghairfead go gcuirthear me i gcruinnchomhrainn' go 'Stadfadsa feasta: is gar dom éag gan mhoill / ó treascradh dragain Leamhan, Léin is Laoi',²¹ seachas aon áiteamh diongbhála a dhéanamh gurbh amhlaidh a stadfadh sé feasta den bhfilíocht (rud is cúis, de dhealramh, le 'ós / air leaba a bháis' a bheith luaite i gceannteideal an dáin i lámhscríbhinní áirithe), tá fós againn anseo, dar liom, an ciúta reitriche a chuireann le héifeacht mhothaitheach a dháin trí chéile. Is amhlaidh, mar sin, a nascann an file go maorga agus go tromchroíoch arís a dhála féin, i saol agus i bpobal a bhí ag athrú ó bhonn, le dála cheann de phríomhshleachta Chúige Mumhan.

I súilíbh an Direánaigh, cuireann cás Aogáin Uí Rathaille i gcuimhne dó gurbh amhlaidh a bhí ag a chomhbhráithre féin roimis, an Rathailleach ina measc, ach ina ainneoin sin go léir gur leanadar dá gceard agus nár ghéilleadar don bpatuaire ná don bhfuarchúis ná don drochmhisneach. Sid é cion an éigis atá déanta go dtí seo. Agus, más go tollta a fágtar onóir an fhile toisc an briathar, i.e. an fhilíocht nó an Ghaeilge féin, b'fhéidir, a bheith ag dul ó chion, tá an cion eile fós ann, i.e. cion an fhile ar an bhfocal, ar a bheith á shnoí agus á líomhadh sa tslí is gurb í an fhilíocht a thoradh; agus fanfaidh an fhilíocht fé mar a fhanann an ní fóna sa chriathar tar éis don bhfarasbarr imeacht as.

An briseadh croí mar gheall ar thurnamh na gCárthach ba chás le hAogán Ó Rathaille in 'Cabhair ní ghairfead go gcuirthear me i gcruinnchomhrainn', tá sé le fáil chomh maith sa dán aige dar tús 'Is fada liom oíche fhírfhliuch gan suan, gan srann' mar a bhfuil arís tubaist an chine laochta seo, tubaist phearsanta an fhile féin agus tubaist iomlán na hÉireann fite fuaite ina chéile. I véarsa deiridh an dáin is é a ghlór toll in iomaíocht le glam agus le béiceach Thonn Tóime i gcuin Chaisleán na Mainge i gCo. Chiarraí is mó a chuimsíonn truamhéil agus éadóchas a cháis:

A thonnsa thíos is airde géim go hard,
meabhair mo chinn cloíte ód bhéiceach tá;
cabhair dá dtíodh arís ar Éirinn bhán,
do ghlam nach binn do dthingfinn féin id bhráid.²²

Tá aird dírithe ar anáil na líne deireannaí seo ar dhán eile le Máirtín Ó Direáin dar teideal 'Ár Laochra' a foilsíodh sa díolaim is mó cáil leis, b'fhéidir, *Ár Ré Dhearóil* a luas níos túisce.²³ Agus é ag labhairt amach go diongbhála i gcoinneibh lucht cáinte na ndaoine a fuair bás ar son saoirse na hÉireann sa dán san, áitíonn an Direánach:

Bhur n-oineach agaibhse slán
Bhur meisce ghaisce,
Bhur mbua agaibh,

²⁰ MÓD: 201.

²¹ Ó Buachalla 2007: 43.

²² Ó Buachalla 2007: 12.

²³ Mac Craith 1993b: 89; Ó hAnluain 2009: 192-3.

Bhur nduais agaibh,
Gan smál ar bhur n-éide chailce,
Is dingtear an focal i mbráid
An té déarfadh dá bhfágtaí ar tuar
Go ndéanfadh grán dubh le haimsir.²⁴

Rogha mhaith is ea an focal ‘dingtear’ anseo mar go leanann éifeacht fhoiréigneach áirithe de a chuireann i gcuimhne don léitheoir conas mar a cheannaigh lucht Éirí Amach 1916 an tír go daor. Ina theannta san, réabann fórsa agus údarás anordaigh áilleacht chiúin na héide cailce go breá ar fad. Ag an am gcéanna, áfach, roghnaigh an Direánach ordú neamhdhíreach rud a fhágann fé lucht a chloiste an t-ordú féin a chomhlíonadh agus cuireann sé iarracht bheag de neamhchúram agus de dhrochmheas cuí in úil chomh maith.²⁵

Dá éagmais sin, braithim gur sa ghile, sa ghlaire agus san úire a chuireann ‘cabhair dá dtíodh arís ar Éirinn bhán’ i ndán an Rathailigh in úil, gur ansan, leis, atá anáil eile le fáil ar íomhá na líne ‘Gan smál ar bhur n-éide chailce’ ag an Direánach, rud a cheadaíonn dó tarrac ar a thaithí dhúchais chun codarsnacht bhreá a dhéanamh idir an ghile, an ghlaire agus an úire a shamhlaíonn sé siúd leis na laochra a lean idéal na saoirse, agus duibhe, seisce agus suaraíocht an té a chaithfeadh anuas ar an idéal a leanadar. Ní miste liom sa treo san arís a bhfuil ar taifead uaidh féin a thabhairt anseo agus é ag caint le mic léinn sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1969 mar gheall ar an sliocht seo as ‘Ár Laochra’:

‘Grán dubh’: dá gcuirteá bráillín nó éadach geal de shaghas ar bith ar tuar, is é sin amach ar *lawn* féarmhar, ar bhuaile, déarfadh muid ar tuar, *bleaching*. Dá bhfágtaí amuigh é, go mór mór san oíche, agus go dtiocfadh ceo, ceo salach, thiocfadh spotáí dubha ar an éadach geal sin, bráillín nó éadach ar bith den tsaghas sin, nó fiú amháin cuilteannaí freisin, thiocfadh spotáí dubha ar a bhfuaid — agus grán dubh a thugtar orthu sin.²⁶

I bhfianaise na bhfocal san, mar sin, sampla álainn is ea na trí líne déanacha sa tsliocht as ‘Ár Laochra’ den ionramháil chliste atá déanta ag Máirtín Ó Direáin ar cheann de na línte filíochta is mó fórsa, b’fhéidir, i gcorpas filíochta Aogáin Uí Rathaille, ach é sin tré é a cheangal dár thaithigh sé féin agus é ag éirí suas in Árainn. Fághtar, dá réir, séaladh an Direánachais orthu mar línte.

Níos sia síos in ‘Ár Laochra’ agus é ag tagairt do ghile, do ghlaire agus d’úire an idéalachais, luann an Direánach an ‘abhlann’ a shamhlaíonn sé a bheith á creimeadh ag ‘lucha’ na suaraíochta mórthimpeall air, meafar a thairgíonn sé chuige arís sa dán ‘Mothú Feirge’ sa chnósach céanna, i.e. *Ár Ré Dhearóil*.²⁷ Is í seo, dar leis, an ‘Éire ina bhfuil Romhainn’, teideal dáin eile, gan dabht (as *Ár Ré Dhearóil* chomh maith) a leanann an téama céanna ‘Ár Laochra’ an áirithe sin, ach gurb í Éire sa chás seo atá ina ‘méirdrigh mhóir dáiríre’, nach í ‘feasta céile Choinn ná Eoghain, / Céile an Phiarsaigh

²⁴ MÓD: 140.

²⁵ Cf. Ó Cadhlaigh 1940: 66.

²⁶ Ó hAnluain 2002: 128.

²⁷ MÓD: 141; cf. Ó Coileáin 2010: 33.

ná rún na laoch' í.²⁸ Agus é ag samhlú na tíre le bean mhídhílis, nó fós le meirdreach a thréig a pobal féin, tá an Direánach ag tarrac anseo ar mhóitíf choitianta i bhfilíocht na Gaeilge trí chéile ón seachtú agus ón ochtú céad déag — Éire Aogáin Uí Rathaille, cuirim i gcás, ina dhán éagointeach ar anchás na hÉireann dar tús 'Is atuirseach géar liom créachta chrích Fódla':

Cé fada dhuit, a Éire mhaorga mhín-nósmhar,
id bhanaltrain tséimh le féile is fireolas,
beir feasta acu id mheirdrigh fé gach críonchóisir
is gach ladran caethach d'éis do chlidheolta.²⁹

Sa chéad leath den tseachtú haois déag féin, shamhlaigh Brian (mac Toirdhealbhaigh) Mac Giolla Ghunna (c. 1580-c. 1652) — ón gCabhán, is cosúil — go raibh bainne a cíoch á thál ag Éirinn ar bhasard eachtrann agus ar shliocht táir uiríseal:

Ábhar deargtha leacan do mhnaoi Chuínn é
Táir is tarcuisne ' thabhairt dá saoir-chloínn féin,
Grádh a hanama is altrom a cíoch cruínn caomh
Do thál air bhasdard nách feadair cé díobh poínn é.

A Éire, a chailleach is malartach bréagach fuínn,
A mheirdreach bhradach le sealad nár éimigh acht sínn,
Do léigis farat na Galla-so i réim id éing
Do léirsgrios seachad mar bhasard gach aon dod chloínn.³⁰

Dob é déistean Sheathrúin Chéitinn (c. 1580-c. 1644), gan dabht, a spreag é chun 'Fódla phráis' a thabhairt ar Éirinn ina dhán cáiliúil dar tús 'Óm sceól ar ardmhagh Fáil ní chodlaim oidheche', dán ina bhfuil Éire mar a bheadh sí á deol ag gramaisc allúrach:

A Fhódla phráis, is náir nach follas díbhse
gur córa tál ar sháirshliocht mhodhail Mhíle;
deór níor fágadh i gclár do bhrollaigh mhínghil
nár dheólsad ál gach cránach coigcríche.³¹

Agus, ina dhán dar tús 'Mo thruaighe mar tá Éire', thagair Céitinn arís d'Éirinn mar mheirdreach mhí-onórach:

Meirdreach gan iocht, gan onóir
an chríoch-so phuirt Pharthalóin,
do chríon a cuing gan chomtha
's a síol fá dhruing ndanartha.³²

²⁸ MÓD: 155.

²⁹ Ó Buachalla 2007: 11.

³⁰ Mhág Craith 1958: 107.

³¹ de Brún, Ó Buachalla, Ó Concheanainn 1986: 18.

³² Ó Cuív 1957: 306.

Ag filleadh anois ar ‘Éire ina bhfuil Romhainn’ an Direánaigh, dúirt Eoghan Ó hAnluain gurbh aistriúchán an teideal seo ar theideal an dáin le Yeats ‘To Ireland in the coming times’, ach gur mhór idir mheanma sheanbhlastúil an dáin Ghaeilge agus dóchas agus maoithneachas dán Yeats.³³ Níl aon amhras ná go ngabhann daingne leis an searbhas agus leis an éadóchas in aiste filíochta Uí Dhireáin, ach má ghabhann, measaim go leanann daingne de shórt eile móitíf na meirdrí ar a bhfuil sé ag tarrac ina dhán, i.e. daingne na hoidhreacht liteartha a chuireann bonn féna dhán ina iomláine agus a mhaolaíonn, dá réir, b’fhéidir, ar an searbhas agus ar an éadóchas.

An port caithréimeach ag an Direánach ina dhán ‘Ualach’, tá sé sin le brath deich éigin mbliana níos túisce in ‘Éamh an Éigis’ a foilsíodh sa chnósach *Ó Mórna agus Dánta Eile*:

Ba taca seal don Éigse
An brog, an choill, an stór,
Na glaca geala d’fhóir,
An aicme a char an éirim.

Éacht an chine d’éis a bpeannaide
A bhain den bhrog a gháir,
A chuir an choill ar lár,
A chuir fán ar chairde an éigis.

Cé chuaigh ar a n-áit?
Cantar fíor cé géar an tásc,
Chuaigh clann na daidhce suas,
Ghabh flaitheas an dochtaicme.

Tá an éigse cheana
Is beidh feasta gan aird,
Mar dhream a bheadh mall
I dtosach na biaiste.³⁴

Sa chéad véarsa thuas, seasann ‘an brog, an choill, an stór’, ‘na glaca geala a d’fhóir’ agus ‘an aicme a char an éirim’ do shaol an fhile ghaelaigh san Éirinn úd na Meán Aoiseanna, inar thuill bronnantas an fhile, i.e. an dán a chum sé, cúiteamh nó duais (*reward*) óna phátrún.³⁵ Ní hann a thuilleadh, gan dabht, do nós imeachta dúchasach gaelach na pátrúntachta nuair a caití go fial leis an bhfile as bua a chruthaitheachta fileata — ‘cairde an éigis’ sa dara véarsa thuas.

Chím débhríochas deas sa bhfocal ‘mall’ i ndeireadh an dáin seo, fé mar is dual a bheith, gan amhras, i nGaeilge an Direánaigh féin, i.e. *late* i súilibh an té a chaithfeadh

³³ Ó hAnluain 2009: 193.

³⁴ MÓD: 95.

³⁵ Mar le *dán* sa bhunchéill bronnantas nó tabhartas, Laidean *dōnum*, Sanscrait *dānam*, feic Watkins 1976: 272-3; pléitear bunfheidhm an ollaimh i dtréimhse na Gaeilge Clasaicí in Breatnach 1997: 100-1 agus in Breatnach 1983: 53-4.

anuas go díspeagúil ar an bhfile agus ar a cheird, ach *slow*, leis, mar is go mall meáite, agus le foighne a chleachtann lucht an éigis a gceard. ('Foighid ar fad mo cheirdse, / Samhail agam iascaire / Ag fanacht le breac', mar a chuir Ó Direáin féin é ina dhán 'Mo Cheirdse' ón díolaim *Cloch Choirnéil*.³⁶) Agus, ag tagairt dó in 'Éamh an Éigis' thuas don éigse a bheith gan aird ag 'clann na daidhce' agus ag 'an dochtaicme', is deacair gan macalla a chlos anseo ó Dháibhí Ó Bruadair, agus a ghuth á mhúchadh ag 'daoinibh duarca', ag 'trudairí', ag dubhthuatachas agus ag an duairceas máguaird, rud a spreag an racht breá íorónta úd mar chlabhsúr ar a dhán cáiliúil dar tús 'Is mairg nach fuil 'na dubhthuata': 'mo thruagh ar chreanas le ceannarraic cruaidhphrionnta / ó bhuaic mo bheatha nár chaitheas re tuatumhlacht'.³⁷

Praghas pearsanta na ceirde

Mar a bhí in aimsir Uí Bhruadair, tá agus beidh fós an neamhaird ann, agus is ansan atá crann tiomána mheon an Direánaigh nach foláir leis leanúint go dílis dá cheard. Go deimhin, dhá bhliain sarar cailleadh é, bhí an tiomáint láidir chéanna ann fé mar a léiríonn a dhán 'Bairnigh' ón díolaim *Craobhóg Dán* (1986):

D'imigh an mullán mór
Shloig an gaineamh é,
D'imigh an phlobóg
Is an bundún leice,
Ach coinneoidh an bairneach
A ghreim, is deireadh ráite.³⁸

In ainneoin an ghreama úd, áfach, níl sé gan a phraghas pearsanta don té a bhí, agus atá, á choinneáil, go háirithe agus ceard na filíochta a bheith ag dul ó chion chomh maith leis an éigeas a bhí i mbun a snoite, agus, fiú teanga na ceirde féin a bheith fé bhagairt. Téama é seo, dar ndóigh, atá seanbhunaithe i bhfilíocht dúchais na Gaeilge. Chomh fada siar le 1618 nó mar sin, mar shampla, d'aithin Fearghal Óg Mac an Bhaird (fl. 1567-c. 1620) ó Thír Chonaill na himpleachtaí a bhí ag a dhála pearsanta féin do ról an fhile trí chéile:

Fúaras iongnadh, a fhir chumainn,
cádhus úatha ní fhúair mé,
na daoine dar dhúal ar n-ionramh,
as úar náoidhe an t-iongnadh é.

Meisi folamh, féch nach diongna,
's daoine dáora ar nár dhúal gean
sunna ón Spáin ag agháil ionnmhuis
a n-anáir chláir bhionnghlais Bhreagh.³⁹

³⁶ MÓD: 181.

³⁷ Mac Erlean 1910: 130-2.

³⁸ MÓD: 312.

Beachtaíonn an t-athrá ar an bhfocal ‘iongnadh’ laistigh den gcéad rann anseo téama láir an dáin ina iomláine.⁴⁰ Is é ionadh (‘iongnadh’) é go raibh ar Fhearghal Óg mairiúint ar lóistín i gcathair Lobháin i dteannta dhaoithe d’Éireannaigh (‘dáoine dáora’) a bhí tagtha aneas ‘ón Spáin’, agus, dá dhonacht é sin, ba mheasa fós é go rabhthas ag caitheamh go fial leis na bodaigh chéanna san áit go raibh duine léannta mar é fágtha bocht dealbh (‘folamh’). Impíonn Fearghal Óg ansan ar a fhear cumainn, Flaithrí Ó Maoil Chonaire (ob. 1629), Ardeaspag Thuama, a bhí lonnaithe i gcathair Lobháin ag an am, teacht i gcabhair ‘ó chroidhe’ air:

A cheinnbhile chathrach Túama,
tuig cheana nach cubhaidh rinn
gan bheith a ngoire d’fhuil úasail,
cuir ó chroidhe súasuinn.

Thiar do fhágbus earr mo chonáigh,
mo chéidní ó do chaith mé;
má atá do thal leam, a Fhlaithrí,
budh geall damh ré haithní é.

Nír bheag let athair mar iongnadh
gan m’ana ag fás, foirfe an coll,
is toice ag fás ag mac moghadh,
a shlat dár fhás toradh trom.⁴¹

Is amhlaidh, mar sin, atá saibhreas saolta an fhile (‘mo chéidní’) caillte ‘thiar’ sa bhaile in Éirinn aige. Go deimhin, níl aon mhéadú ag teacht ar a bhfuil fanta ina sheilbh (‘gan m’ana ag fás’) murab ionann agus an rath atá ar shliocht sclábhaithe (‘toice ag fás ag mac moghadh’). Tugtar fé ndeara an tagairt anseo arís don ionadh (‘iongnadh’) a chuireann le héifeacht na hachainí ar son cabhrach.

Timpeall na haimsire céanna san, d’aithin Fear Flatha Ó Gnímh (fl. 1602-c. 1640) droch-chás a cheirde mar fhile:

Mairg do-chuaidh re ceird ndúthchais:
rug ar Bhanbha mbarrúrthais
nach dualghas athar is fhearr
i n-achadh fhuarghlas Éireann.

Do héirgheadh dhóibh thuaidh is teas
nach bí ar breith don ord éigeas
labhairt ar oigdh a n-aithreadh:
malairt oibre ionnsaightheair.

³⁹ Greene, Kelly 1970: 41; Mhág Craith 1967: 121. Mar le hanailís chritice ar an dán seo, feic Breatnach 1997: 132-4 agus Breatnach 2001.

⁴⁰ Breatnach 2001: 60-1.

⁴¹ Greene, Kelly 1970: 42; Mhág Craith 1967: 122.

Ní snítthe snátha an fheasa,
ní leanta craobh choibhneasa,
gréas duan ní déanta d'fhighe,
luadh dréachta ní dlighfidhe.

An céidfhear do-chuaidh re dán,
mairg dó nach dearna a chlaochládh:
neamhshuthain an céim ro char:
béim bhar n-ealathain d'ollamh.⁴²

Fé dheireadh an tseachtú céad déag, bhí Dáibhí Ó Bruadair fén mhairg chéanna i dtaobh 'ar chrean' sé 'le ceannarraic cruaidhphrionnta'.⁴³ Spreag an drochmheas forleathan air mar fhile an tocht bróin a chuimsíonn 'Stadfadsa feasta: is gar dom éag gan mhoill' in Aogán Ó Rathaille san ochtú céad déag.⁴⁴ Ná níor lú fós anchás agus ainnise an té a chuaigh i mbun pinn sa naoú céad déag, fé mar a thaispeáin Mícheál Óg Ó Longáin (1766-1837), cuirim i gcás, 'iar mbeith dho 'na chónaí i mboth bheag dhearóil mhóirdheataigh agus i ndrochfheirm thalún an tan sin', nuair a chuir sé an ráig seo dhe:

Uain ná aga níl agam do ghléas caoilphinn
le a luafainn grafadh mo leabhar i saorscríbhinn;
atáid uaim iar scaipeadh go seachmhallach saobhnaíseach,
suarach searbh ar aiste nár chéim cuí dhom.⁴⁵

Guth aonair an té ar leataoibh atá le clos go láidir uathu seo go léir, is fíor, guth nach bhfuil neamhchosúil le guth an Direánaigh, go deimhin, inár linn féin. D'aithin sé siúd leis, dála iad san, cuid éigin dá raibh i ndán don bhfile Gaeilge, ní hamháin sna dánta 'Ualach' agus 'Éamh an Éigis' ar thagraíos níos túisce dóibh, ach ina chuid filíochta trí chéile ó foilsíodh *Ó Mórna agus Dánta Eile*. Ní miste liom sa treo san, leis, slíocht próis as aiste dar teideal 'I nGleic leis an Saol' sa chnósach *Feamainn Bhealtaine* a lua anseo. Cheithre bliana déag a bhí Ó Direáin ag an am agus an scoil fágtha don gcéad uair aige sa bhliain 1924.⁴⁶ Bhí tús le cur ar bhóithre a leagadh ar Inis Mór maidin áirithe agus theastaigh ó mháthair an fhile é a chur chun na hoibre seo:

'Níl aon chasúr a'm,' adeirimse, is mé ag guí Dé nach bhfaighfí aon chasúr.
B'fhearr liom fanacht ag féachaint ar an gceobarnach, ag iarraidh déanamh amach
cár chríochnaigh an talamh is cár thosaigh an fharraige.
'Seachain nach bhfuil seanchasúr caite thuas ar a' lota,' adeir mo mháthair, 'casúr a
d'fhág Paideach ag t'athair fadó.'
Ar Phaideach a thosaigh mé ag cuimhneamh ansin. Seanfhear beag a thagadh
chugainn ar cuairt is a chaitheadh an mhaidin ag caint le m'athair ar thaibhsí. Níl

⁴² Greene, Kelly 1970: 120.

⁴³ Feic n. 37 thuas.

⁴⁴ Feic n. 21 thuas.

⁴⁵ Ó Donnchadha 1994: 128.

⁴⁶ Tá gearrchuntas ar óige an Direánaigh in Prút 1982: 5.

fhios agam cé mhéad tom ar thóg sé buidéil amach astu i lár na hoíche agus an tom trí thine. Ba chosúil air go mba chuma leis. Shílfeá gurbh é a ghnáth-cheird a bheith ag tarraingt buidéil amach as toim a bhíodh trí lasadh. Na síoga, gan amhras, a chuireadh na toim trí lasadh, ach ní chuireadh sin a dhath de mhairg ar Phaideach.

Ansin tháinig Peadar Rua i m'aigne. Fear ard tanaí a raibh féasóg rua air. Fear filiúnta siúltach a chaith an saol inairde leis féin. ...

Paideach — focal támh brionglóideach leisiciúil.

Casúr — focal crua miotalach, focal a dhúiseodh as a shuan duine. Focal a mheabhraigh dom go gcaithfinn a dhul i ngleic leis an saol dá dhonacht chuige mé.

Go gcaithfinn a dhul ag obair ar na bóithre, san áit a mbeadh fir mhóra. Fir mhóra arda. Fir láidre is léinte gorma oscailte ar a mbrollach, agus léinte glasa taobh istigh díobh sin oscailte go minic freisin.

Ba mhinic mé ag déanamh iontais de na fir chéanna. Fir a bhí in ann rudaí a dhéanamh; in ann a dhul i gcuracha; a dhul i mbéal toinne; suí thuas ar chírin tí agus tuí a chur air. Boladh an allais uathu; boladh an tobac, boladh an óil corruair. B'fhacthas don ghasúr seo ar thug an bás a athair uaidh go hóg gurbh iad na nithe sin uile a rinne fir díobh. Ní raibh fonn ar bith orm a dhul ina láthair. Is é an chaoi a mbeidís ag magadh fúm. De ghrá Dia a thógfaí mé ar aon chor. Gasúr a raibh a athair caillte aige, ba mhór an grá Dia rud éigin a thabhairt dó, ach sin a mbeadh ann.

Ag briseadh clocha a chuirfí mé, agus a fhágfaí mé. Ní chuirfí ag tarraingt clocha le barra mé ná ag déanamh súil faoin mbóthar ná ag tolladh carraige le ding. Ní chuirfí ag déanamh cineál ar bith oibre mé ar ghá fear chun a déanta. B'fhearr liom a bheith ag cuimhneamh ar Phaideach is ar Pheadar Rua. ...

Ba bhródúil gaisciúil an mac mé ag dul abhaile chun mo mháthar an tráthnóna céanna. Nach raibh mé ag saothrú? Nach raibh mé i ngleic leis an saol?⁴⁷

Tá léas léargais anseo againn ar an uaigneas a bhraith an t-aosánach 'cheal stiúradh athar, rud a bhain óna dhóchas go nglacfadh fir an oileáin leis go raibh ann a bheith ina fhear. Cén iontas é, mar sin, gurbh é an focal 'corr' a chur síos féin ar conas mar a mhothaigh sé i measc na gcomharsan 'chomh fada siar agus a théanns mo chuimhne'.⁴⁸ Is léir leis ón sliocht thuas, áfach, smacht a mháthar a bheith go láidir air — go háirithe san alt deiridh a éilíonn dearbhú éigin uirthi, ach air féin chomh maith, sa dá cheist reitriciúla 'Nach raibh mé ag saothrú? Nach raibh mé i ngleic leis an saol?'. Is mó dá réir a mhéadaíonn an smacht san ar an uaigneas a bhraitheann an Direánach anseo, ach méadaíonn sé, leis, ar an mbrú a bhraitheann sé glacadh leis an sórt oibre is leasc leis a dhéanamh. A mhacasamhail de léiriú i bhfoirm fhileata den bhfear a tógadh i dteannta a mháthar, is fíor, is ea 'Óige an Fhile' ón díolaim *Dánta Aniar* (1943):

Bhínn ag déanamh fear de chlocha
Is á gcur go léir ag ól,
Ní bhíodh fear ar an mbaile

⁴⁷ Ó Direáin 1961b: 58-9.

⁴⁸ Mac Síomóin 2010: 12.

Nach mbíonn samhail agam dó.

Bhíodh na comharsain ag magadh fúm,
Is mo mháthair de shíor ag bagairt orm,
Ach níor thuigeadar ar aon chor mé,
An buachaill aisteach ciúin.

Ghreamaigh díom an galar úd
Is ní saor mé uaidh go fóill,
Is é a sheol ar bhóthar na n-aisling mé
Is a dhealaigh mé ón sló.⁴⁹

Agus, níor mhaolaigh ar an mbraistint sin ann i bhfianaise a dháin ‘Boige’ in *Crainn is Cairde* (1970), ina gcuimsíonn an teideal féin an laige áirithe agus an easpa muiníne a leanann tabhairt suas máthar aonair:

An té a thógann máthair
Gan athair ina dháil
Ní rí ar thada é;
Is mogha ar bhoige é.

Ar bhrollach, ar chíoch,
Is bog í a chríoch,
A choisceadh is mall.

Ó bhrollach go cíoch
Is ó chíoch go brollach,
Sin agaibh dán
An té a thógann máthair.

Is tar éis an ghnó
Ar tuirse a leath is níos mó,
Déan gol a mhogha,
Ní miste deoir nó dhó.

An gad imleacáin do chuing,
Go brách ní ghearrfaidh;
An té a thógann máthair
Dar m’anam! gur silte.⁵⁰

Fén am gur scríbh sé an cuntas próis thuas, áfach, glacaim leis gur obair ar bhóthar de shórt eile a bhí idir lámhaibh go maith fén am san aige, le clocha de shórt eile ar fad, mar

⁴⁹ MÓD: 65; cf. Mac Síomóin 2010: 12.

⁵⁰ MÓD: 194.

atá, le focail.⁵¹ Tá, leis, measaim, éachtaint sa treo san ina bhfuil i gcló trom thuas agam mar go léiríonn sé suim shainiúil an fhir féin i bhfocail. Go deimhin, d'admhaigh an Direánach in agallamh le Muiris Mac Conghail nár thuig sé tábhacht an fhocail go dtí gur thosnaigh sé ag cumadh filíochta mar gurbh as san a d'eascair a chion ar an bhfocal, agus ar 'na fuaimeanna agus [ar] an cháilíocht a bhain leis'.⁵² Más mar sin atá, tá uaigneas de shórt eile, uaigneas a cheirde mar fhile, é ar leataoibh ón bpobal dar de é, fite isteach san eachtra seo óna óige ar Árainn. Tréith bhunúsach sa Direánach é an t-uaigneas agus a bheith ar leataoibh ón ngnáthshaol agus dealaithe 'ón sló' fé mar a chuir sé thuas é i véarsa deiridh a dháin 'Óige an Fhile'.⁵³ Cuid den oidhreacht fhileata ab ea an t-uaigneas céanna, leis, áfach, siar amach go dtí Mac an Bhaird, Ó Gnímh, Ó Bruadair, Ó Rathaille, Ó Longáin agus tuilleadh nach iad — na cranna faoisimh agus cabhrach a bhí ag an Direánach féin.

Teanga an dúchais agus teanga na filíochta

Cuid dhílis eile den oidhreacht seo, gan dabht, is ea an Ghaeilge agus is ábhar machnaimh don Direánach a ghaol uathúil féin leis an teanga. Sa phíos seo thíos, cuirim i gcás, ón aiste dheireanach aige in *Feamainn Bhealtaine*, dar teideal 'Galar na gCás', d'áitimh sé an méid seo:

Ó thaobh scríbhneoirí na Gaeilge de is gearr gur ag caint leo féin a chaithfidh siad a dhul más leo greim a choinneáil ar an teanga ar chor ar bith. ... Beidh tús agam féin ar na scríbhneoirí eile sílim i gceird seo na huathlabhraíochta. Níl aon lá ó bhí mé i mo ghasúr nár chleacht mé an cheird sin. Is annamh cara cáis i mo theannta. Téann duine i dtaithí an uaignis agus ar aon chuma is annamh a thagann duine roimhe féin sa gcaint.⁵⁴

Bíodh is go n-aithníonn an file anseo a raibh de bhuntáiste aige toisc an Ghaeilge a bheith mórthimpeall air ó dhúchas, chionn sé an chonair uaigneach roimis a éilíonn foclóir na teangan san a chur 'as na cúinní',⁵⁵ agus é sin a dhéanamh ar shlí ar leith uathúil, Dhíreánúil.

Conair uaigneach í seo mar go mbaineann amhras, fiú amháin féinamhras, léi, fé mar a léiríonn an phaidir ina dhán 'Solas', cuirim i gcás, ón genósach deiridh aige *Craobhóg Dán* (1986): 'Ach iarraim ar an solas iasachta / Gan mo sholas féin a mhúchadh';⁵⁶ nó fós i ndán déanach eile dá chuid dar teideal 'Sean-Mhicil' ón díolaim *Béasa an Túir* (1984):

⁵¹ Tháinig *Feamainn Bhealtaine* amach sa bhliain 1961 ach rogha alt atá ansan a bhí foilsithe roimis sin ag an Direánach san *Irish Press*. Foilsíodh an chéad alt dá chuid sa nuachtán seo ar 24 Meitheamh 1937 agus cuireadh a chéad dhán, 'Réalt na h-Oidhche', i gcló sa nuachtán céanna ar 23 Nollaig 1938 (de Grás 1984: 41, 43).

⁵² Mac Conghail 1993: 139.

⁵³ Feic n. 49 thuas.

⁵⁴ Ó Direáin 1961b: 158.

⁵⁵ Feic n. 7 thuas.

⁵⁶ MÓD: 312.

Nuair is fonn liom dul thar teorainn,
Nó céim a thabhairt thar chleacht,
Seasann Sean-Mhicil romham sa ród
Ag caitheamh seilí amach go fras
Is ag cangailt plug tobac.

É ag piocadh feamainne lena chrúba
Aníos as croí na duirlinge:
Seilí ag titim ar mhulláin bheaga,
Is gach seile ag glacadh a chló féin;
Micil ag caitheamh anuas ar lucht na huair.⁵⁷

Is geall le bonn féna chuid cumadóireachta saibhreas cainte Shean-Mhicil, rud a chuireann misneach ar Ó Direáin mar gurbh é seo an saibhreas a thaithigh sé féin ó dhúchas. Sid í an taithí phearsanta ar an bhfear a bhí leis, mar shampla, ag Tomás Mac Síomóin nuair a dúirt sé mar gheall air gur ‘bhraith sé go gcaithfeadh “ceol na Gaeilge nádúrtha” a bheith ag roinnt leis, má bhí píosa cumadóireachta le bheith áirithe mar dhán. Ceol chaint na Gaeltachta a bhí i gceist aige’.⁵⁸ Ón uair nach leor leis an urlabhra bheo chun filíochta, áfach, measaim go léiríonn an dá cheist i gclabhsúr an dáin thuas (ciúta, dála san, is mó a shamhlóimís leis an Ríordánach) an t-amhras a leanann dúchas na teangan a thug an Direánach leis ón gcliabhán agus an chéim nach mór dó a thógaint thar teorainn amach chun an dúchas san a mhúnlú agus a chur in oiriúint chun filíochta:

Tá tú ann fós a dhaigéid fí,
Ag cangailt is ag mungailt leat,
Is má d’imigh mise thar chleacht,
Ar scoitheas riamh do scáth im’ ród?
Ar chuir focal as do stór ó chion?⁵⁹

Ní fheadar ná go raibh toradh tabhartha cheana féin ar an dá cheist seo aige sa dán ‘Teanga an Phríosúin’ in *Ceacht an Éin* (1979). Má chreid sé, fé mar a deir sé, gur ‘Teanga an phríosúin a chleacht mé / Le tuilleadh is daichead bliain,’ agus, go raibh, dar leis, a théarma istigh, fós féin deir sé:

Ní fhaighim mo theanga féin liom.
Is nior cruinníodh liom stór céille;
Ach ó cuireadh banna orm go hóg
Tuigim don ghliomach sa phota stóir’.⁶⁰

Clabhsúr

⁵⁷ MÓD: 282.

⁵⁸ Mac Síomóin 2010: 15.

⁵⁹ MÓD: 282.

⁶⁰ MÓD: 226.

Má ba fé ghlas a bhraith an Direánach a bhí sé ag an gcion a bhí aige ar an éigeas agus ag an gcion eile nárbh fholáir leis a dhéanamh ar son ealaín na filíochta, príosúntacht dhílis ab ea í a chuir ar a chumas an glas a bhaint d'fhocail agus iad 'a chur ag rince'.⁶¹ Ní miste liom a léiriú sin a fhágaint ag gliomach eile sa phota stóir, ag an dán 'An Fuascailteoir' in ómós 'do Mháirtín Ó Direáin', le Cathal Ó Searcaigh:

Is tusa an fuascailteoir
a ghríosaigh is a threoraigh le do theacht
éirí amach na bhfocal.

As daingne díchuimhne
shaoraigh tú iad ó dhaorsmacht
le heochair d'inchinne.

Saoránaigh iad anois
a bhfuil a gcearta acu go beacht
i bpoblacht do dháin.⁶²

⁶¹ Feic n. 7 thuas.

⁶² Ó Searcaigh 1987: 88. Táim thar a bheith buíoch den Dr Roibeárd Ó hÚrdail agus den Dr Caoimhín Mac Giolla Léith as dréacht den aiste seo a phlé liom.

- Breatnach, Pádraig A., 1983: 'The chief's poet', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 83C, 37-79.
- Breatnach, Pádraig A., 1997: *Téamaí taighde Nua-Ghaeilge*. Maigh Nuad.
- Breatnach, Pádraig A., 2001: 'The aesthetics of Irish bardic composition: an analysis of *Fuarus iongnadh, a fhir chumainn* by Fearghal Óg Mac an Bhaird', *Cambrian Medieval Celtic Studies* 42, 51-72.
- de Brún, Pádraig, Breandán Ó Buachalla, Tomás, Ó Concheanainn (eag.), 1986: *Nua-dhuanaire. Cuid I*. Baile Átha Cliath.
- de Grás, Máire, 1984: 'Máirtín Ó Direáin — clár saothair', *Comhar* 43 (Deireadh Fómhair), 39-46.
- Greene, David, Fergus Kelly (eag.), 1970: *Irish bardic poetry. Texts and translations, together with an introductory lecture by Osborn Bergin with a foreword by D.A. Binchy*. Dublin.
- Mac Conghail, Muiris, 1988: 'Poet of the bright thread: the poetry of Máirtín Ó Direáin', *Irish University Review* 18, 181-90.
- Mac Conghail, Muiris, 1993: 'Agallamh le Máirtín Ó Direáin', in Caoimhín Mac Giolla Léith (eag.), *Cime mar chách. Aistí ar Mháirtín Ó Direáin*. Baile Átha Cliath. 127-41.
- Mac Craith, Mícheál, 1993a: 'Ón oileán rúin go rún an oileáin', in Caoimhín Mac Giolla Léith (eag.), *Cime mar chách. Aistí ar Mháirtín Ó Direáin*. Baile Átha Cliath. 3-21.
- Mac Craith, Mícheál, 1993b: *An t-oileán rúin agus muir an dáin: staidéar ar fhilíocht Mháirtín Uí Dhireáin*. Baile Átha Cliath.
- Mac Erlean, John (eag.), 1910: *Duanairé Dháibhidh Uí Bhruadair. The poems of David Ó Bruadair. Part I containing poems down to the year 1666*, Irish Texts Society XI. London.
- Mac Síomóin, Tomás, 2010: 'Faoi scáth na sceoine (léamh ar ghné d'fhilíocht Mháirtín Uí Dhireáin)', *Feasta* 63 (Bealtaine), 12-22.
- Mhac an tSaoi, Máire, 1990: 'Ar thóir Ghearóid Iarla', *Oghma* 2, 20-33.
- Mhág Craith, Cuthbert (eag.), 1958: 'Brian Mac Giolla Ghunna', *Celtica* 4, 103-205.
- Mhág Craith, Cuthbert (eag.), 1967: *Dán na mbráthar mionúr. Cuid I*. Dublin.
- MÓD = Ó hAnluain 2010.
- Ní Ghairbhí, Róisín, 2006: "'Emotion challenged me to make it sayable": Michael Hartnett's *Adharca Broic*', in John McDonagh, Stephen Newman (eag.), *Remembering Michael Hartnett*. Dublin. 53-64.
- O'Brien, Frank, 1968: *Filíocht Ghaeilge na linne seo*. Baile Átha Cliath.
- Ó Buachalla, Breandán (eag.), 2007: *Aogán Ó Rathaille*. Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhlaigh, Cormac, 1940: *Gnás na Gaedhilge*. Baile Átha Cliath.
- Ó Coileáin, Seán, 2010: 'Máirtín Ó Direáin, na dánta', *Feasta* 63 (Bealtaine), 29-34.
- Ó Cuív, Brian (eag.), 1957: 'Mo thruaighe mar tá Éire', *Éigse* 8/4, 302-8.
- Ó Direáin, Máirtín, 1953-4a: 'Riordánachas agus eile', *Feasta* 6 (Bealtaine), 14-15.
- Ó Direáin, Máirtín, 1953-4b: 'Filíocht Ghaeilge an lae inniu', *Feasta* 6 (Iúil), 8-10, *Feasta* 6 (Lúnasa), 2-4.
- Ó Direáin, Máirtín, 1957: *Ó Mórna agus dánta eile*. Baile Átha Cliath.

- Ó Direáin, Máirtín, 1961a: ‘An nuafhilíocht’, *Comhar* 20 (Feabhra), 20-26.
- Ó Direáin, Máirtín, 1961b: *Feamainn Bhealtaine*. Baile Átha Cliath.
- Ó Direáin, Máirtín, 1971: ‘Agallamh’, *Nua-Aois*, 7-9.
- Ó Direáin, Máirtín, 1977: ‘Seán Ó Ríordáin an fear agus an file’, *Comhar* 37 (Bealtaine), 5-6.
- Ó Direáin, Máirtín, 1982: ‘Tríd an mhallmhuir’, *Innti* 7, 19-31.
- Ó Donnchadha, Rónán (eag.), 1994: *Mícheál Óg Ó Longáin, file*. Baile Átha Cliath.
- Ó hAnluain, Eoghan, 1993: ‘Fearann coimirce m’aislinge’, in Caoimhín Mac Giolla Léith (eag.), *Cime mar chách. Aistí ar Mháirtín Ó Direáin*. Baile Átha Cliath. 52-72.
- Ó hAnluain, Eoghan (eag.), 2002: *Ón ulán ramhar siar. Máirtín Ó Direáin ag caint ar chúlra saoil cuid dá dhánta*. Baile Átha Cliath.
- Ó hAnluain, Eoghan, 2009: ‘“File laochta nár cruinníodh leis stór”: an Piarsach agus Máirtín Ó Direáin’, in Roisín Higgins, Regina Uí Chollatáin (eag.), *The life and afterlife of P.H. Pearse. Pádraic Mac Piarais: saol agus oidhreacht*. Baile Átha Cliath. 188-94.
- Ó hAnluain, Eoghan (eag.), 2010: *Máirtín Ó Direáin. Na dánta*. Indreabhán.
- Ó Ríordáin, Seán, 1952: *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath.
- Ó Searcaigh, Cathal, 1987: *Suibhne*. Baile Átha Cliath.
- Prút, Liam, 1982: *Máirtín Ó Direáin. File tréaduil*. Maigh Nuad.
- Watkins, Calvert, 1976: ‘The etymology of Irish *dúan*’, *Celtica* 11, 270-7.